

Labhairt na Filíochta – Feis Maitiú 2019

- 511. “Corn Mac Gabhann Brianach” agus Bonn Airgid**
- a} Ellis Island S E Ó Cearbhaill. 2.
b} Cill Aodáin Antaine Rafterí. 3.
- 512. Bhéarslabhairt 17 mBliana D’Aois Nó Faoina**
- a} Maidin Shamhraidh i Nua-Eabhrac S.E. Ó Cearbhaill. 4.
b} Ag Éisteacht leis an Raidió. Séan Ó hÉanaigh. 5.
- 513. Bhéarslabhairt 15 Bliana D’Aois Nó Faoina**
- a} An Geimhreadh. 6.
b} Abhainn ag Caint Peadar Ó hAnnracháin. 7.
- 514. Bhéarslabhairt 13 Bliana D’Aois Nó Faoina**
- Rogha: Na Coisithe Liam S. Gógan. 8.
Nó: An Bháisteach Peadar Ó hAnnracháin. 9.
- 515. Bhéarslabhairt 11 Bliana D’Aois Nó Faoina**
- Rogha: An Gabhar sa Scoil Seán Mac Fheorais. 10.
Nó: Na Laetha Saoire Lionárd Ó hAnnaidh. 11.
- 516. Bhéarslabhairt 9 mBliana D’Aois Nó Faoina**
- Rogha: Tinn Gabriel Fitzmaurice. 12.
Nó: Lá Stoirmiúil Maebh Ní Chárthaigh. 12.
- 517. Bhéarslabhairt 7 mBliana D’Aois Nó Faoina**
- Rogha: Luch Chliste. 13.
Nó: Cois Trá. 13.
- 518. Bhéarslabhairt 5 Bliana D’Aois Nó Faoina**
- Rogha: Tá Duine ag an Doras. 14.
Nó: Mo Mhadra 14.

Cór-Reacaireacht 2016

- 534. Cór-Reacaireacht 12 Bliana D’Aois Nó Faoina**
- a} Cúl an Tí Seán Ó Ríordáin. 15.
- 535. Cór-Reacaireacht 9 mBlian D’Aois Nó Faoina**
- a} An Clog Padraig Mac Concoille. 16.

a }

ELLIS ISLAND

Is tá said ag cur caoí
ar Oileán Ellis inniú,
ag cur caoi ar an bhfuíollach,
ar an uaigneas a tréigeadh
le corcáil an bhuidéil;
ag dí-oighriú na ndeora
is allas inníoch na héiginnteachta
is ag réiteach mearóige-
píóg úr Mheiriceánach,
ábhar cothaithe an chinemar
ábhar
don nua-stair faoi láthair,
ábhar beathaithe an náisiúin
atá anois, dar leo, tagtha
in aois náisiúin san athuair.

Oilean Ellis
Blascaod an Oileáin Úir
tréigthe ag daoine
ach lonnaithe le smaointe
le súlach
fabhalscéalta
teilifise.....

Oilean Ellis
é fós fliuch
le deora Janey Grace
is na gcéadta míle eile Gael
i measc dhá mhilliún déag
de dheoraithe
síos tríd na blianta
ag fanacht le foighid na
humhlaíochta
le “sea” nó “ní hea” na saoiste
le breith báis nó beatha
dóibh féin is dos na teaghlaigh
ar strae go leath-bhuan
ar oileán fiche a seacht n-acraí
i mbéal an chuain

Oileán Ellis
is na daoine go dian
i ngan fhios dóibh féin
ag dí-chultúra a chéile
is ag leagan Túr Babel
na dteangachaí éagsúla
is ar a ndícheall céad
ag foghlaim
aon-teanga an léinn
a aithneofar
ar Uí Bhreasail an tséin
míle slí isteach
thar farraige
ag tairseach Mheiriceá

S.E. Ó Cearbhaill.

b}

CILL AODÁIN

Anois teacht an earraigh beidh an lá ag dul chun síneadh,
'S tar éis na Féile Bríde ardóidh mé mo sheol,
Ó chuir mé i mo cheann é ní stopfaidh mé choíche
Go seasfaidh mé síos i lár Chontae Mhaigh Eo.

I gClár Chlainne Mhuiris bhéas mé an chéad oíche
'S i mBalla taobh thíos de thosós mé ag ól;
Go Coillte Mach rachad go ndéanfad cuairt mhíosa ann
I bhfogas dhá mhíle do Bhéal an Áth' Mhóir.

Ó fágaim le huacht é go n-éiríonn mo chroíse
Mar éiríos an ghaoth nó mar scaipeas an ceo,
Nuair smaoiním ar Chearra nó ar Ghaileang taobh thíos de,
Ar Sceathach a' Mhíle nó ar phlánaí Mhaigh Eo.

Cill Aodáin an baile a bhfásann gach ní ann,
Tá sméara 's sù chraobh ann is meas ar gach sórt,
'S dá mbeinnse im' sheasamh i gceartlár mo dhaoine
D'imeodh an aois díom is bheinn arís óg.

Antaine Rafterí.

Roinn 512

Bhéarslabhairt 17 mBliana D'Aois Nó Faoina

a }

MAIDIN SHAMHRAIDH i NUA-EABHRAC

New York, New York:

grianmhar

glórmhar

cranmhar

órmhar;

samhradh sách ag rince

is saol óg, sómhar, glórach

ag gluaiseacht

le *carnival* na mótar

le *carousel* na bhfógraí

ag léimrigh leo go spleodrach

ag sníomh

trí bhréidín na mbóithre

is ag imeacht thart

ag diúgadh

múchadh agus tart;

an bheatha féin ag déanamh bolg le gréin:

na céadta sínte ann

ar na macairí i measc na gcrann,

frámaidhe ag na pálás draíochta

ar íor na spéire órga timpeall

gan sos ná suaimhneas bóthair

ó mhaidin ghroí go tláith-thráthnóna

ach stad sa bheatha féin

Tír na nÓg

Go gnách i réim;

rock is roll mar bheoir san aer

i New York, New York;

Mo chroí féin istigh ag léimrigh

fiche éigin bliain a d'éalaigh

uaim, an mhaidin sin –

mo chéad lá

i Nua-Eabhrac, Nua-Eabhrac:

maidin shamhraidh, maidin shamhriadh.

S.E. Ó Cearbhaill.

Dáta Bhreithe: 2001 nó 2002

b}

AG ÉISTEACHT LEIS AN RAIDIÓ

Chuir mé air an raidió ag ceathrú don trí
Ar fhaitíos go gcaillfinn an chéad chlár ar RnaG.
Agus ú ah ú, ag éisteacht leis an raidió.

An nuaíocht áitiúil tar éis a sé
Scéalta báis is beatha is mé ag ól mo bholgam tae
Agus ú ah ú, ag éisteacht leis an raidió.

Thosaigh mé ag éisteacht leis an gclár iarrataisí
Bhí neart ceol céilí air is ceol na nAncairí
Agus ú ah ú, ag éisteacht leis an raidió.

Curfá

Bingo tí Dairbí, jeaicpot mór,
Beidh date anocht a'm le mo mhíle stór
Volkswagen glas ar airgead saor,
Curach trí sheas, níl sí ródhaor.

Ó bhí SBB ag caint le bean, bhí sí céad is a trí,
Tá sé ráite go raibh sí ag jiveáil le ceol na nAncairí
Agus ú ah ú, ag éisteacht leis an raidió.

Tráth na gceist sa tuaisceart le Pól Ó Gallchóir
Foireann Hiúdaí Beag in aghaidh foireann Hiúdaí Mór
Agus ú ah ú, ag éisteacht leis an raidió.

Anois ar ais go Casla, deireadh craolta RnaG
Anonn go Gerry Ryan, an-fhear caoire is curachaí
Agus ú ah ú, ag éisteacht leis an raidi...
Ú ah ú, ag éisteacht leis an raidi...
Ú ah ú, ag éisteacht leis an raidió,
Ó ó ó yeah...

Séan Ó hÉanaigh

Dáta Bhreithe: 2001 nó 2002

a}

AN GEIMHREADH

Tá an geimhreadh ann, an geimhreadh,
An geimhreadh brónach garbh;
Tá na héin i bhfad thar sáile,
Is na duillí glasa marbh.

Tá an fuacht ann, an fuacht,
An fuacht nimhneach géar;
Is d'anál go geal le feiceáil
Ag gluaiseacht tríd an aer.

Tá an oíche àn, an oíche,
An oíche fhada fuar;
Ní bhíonn againn de shúgradh
Ach uair nó dhó, monuar!

Beidh an Nollaig ann, an Nollaig,
An Nollaig aoibhinn ó;
Is beidh ceol againn is aoibhneas
Is spórt, is scléip, is gleo.

Tá an geimhreadh ann, an geimhreadh
An geimhreadh duairc-cheo;
'Gus is fada uainn an samhradh
Is na laetha geala teo.

b}

ABHAINN ag CAINT

Sruthán beag mé, sruthán beag mé,
Ó thaobh an chnoic a thagaim;
Is bím ag léimneach is ag rith
Is am ar bith ní stadaim.

Tháinig fir is d'imigh fir
Is tiocfaidh fir is imeoidh;
Ach bhíos ag rith is táim ag rith
Is bead ag rith i gcónaí.

Aoibhinn liomsa bheith ag rith
Ag gluaiseacht liom go sásta;
An t-uisce agam á thabhairt don mhuir
Le filleadh arís mar bháisteach.

Éistigí liom ag canadh poirt
Éistigí liom, a pháistí;
Éistigí liom ag canadh poirt
Is mé ag rith he fána.

Táimse óg is táimse sean,
Bead sean is óg i gcónaí;
Beadsa óg agus sibhse sean —
Táim sean le linn bhur n-óige.

Tháinig fir is d'imigh fir
Is tiocfaidh fir is imeoidh;
Ach bhíos ag rith is táim ag rith
Is bead ag rith i gcónaí.

Peadar Ó hAnnracháin.

Dáta Bhreithe: 2003 nó 2004

Rogha:

NA COISITHE

I gcoim na hoíche cloisim iad,
Na coisithe ag siúl,
Airím iad, ní fheicim iad,
Ní fios cá mbíonn a gcuaird.

I gcoim na hoíche dorcha,
Is an uile ní 'na shuan,
Airím teacht no gcoisithe
I lár an bhaile chiúin.

An daoine iad nach sona dóibh,
Nó anamna' i bponc
Nach aoibhinn dóibh an t-ionad san
Ina gcónaíd go buan?

I gcoim na hoíche dorcha,
Is cách ina thoirchim suain,
'Sea cloisimse na coisithe
Ag teacht 's ag imeacht uaim.

Liam S. Gógáin.

Nó:

AN BHÁISTEACH

Siúd í an bháisteach
Anuas ón spéir,
Is beimid cráite
I rith an lae.

Lá geal gréine
Liom féin ab fhearr,
Lá chun scléipe
Faoin spéir sa pháirc.

Ach féach an bháisteach
Go dána trom,
Gan trua do pháistí
Atá gan ghreann.

Éist, a pháiste, is ná cráigh do chroí,
Beidh an lá amárach go breá arís.

Beidh and ghrian dár loscadh lá éigin fós
Agus sinn ag lorg braon le n-ól.

Gan chabhair ón mbáisteach ní bheadh bláth sa tír,
Ní bheadh plúr ná fata ann, ná aon sórt bídh.

Ná bí mí-shásta, a pháiste, a chroí,
Tagann maith le cairde agus grásta ó Dhia.

Peadar Ó hAnnracháin.

Dáta Bhreithe: 2005 nó 2006

Rogha:

AN GABHAR SA SCOIL

Isteach sa scoil shiúil seanghabhar
Is shuigh síos ar stól;
Thóg sé fód as lár na tine
Is d'ith sé é mar lón

As a phóca thóg sé leabhairín grinn,
Is thosaigh sé ag léamh;
Rinne sé rince dúinn ansin,
'S a mheigeall thuas san aer.

D'ól sé dúch as buidéal,
Is thaitin sé leis, ar ndóigh.
Chuir sé píopa cré 'na bhéal,
Is chaith sé é go beo.

Ag dul amach an doras dó
Chaoch sé súil amháin;
"Is iontach an áit an scoil," ar sé,
"Ach b'fhearr liom bheith i bpáirc.

Seán Mac Fheorais.

Nó:

NA LAETHA SAOIRE

Nach álainn an t-am é an samhradh
Chun spóirt agus scléip' agus grinn,
Ag déanamh caisleán ins an ngaineamh,
Ag tumadh sa mhuir nó sa linn.

Is breá liom an ghrian ag taitheamh
I spéir aoibhinn álainn, Mí Iúil,
'S mé ag spraoi is ag spórt tríd an tuath,
Nó cois mara i m'aonar ag siúl.

Is breá liom an trá is an gaineamh,
Is breá liom sa mhuir bheith ag snámh,
Is breá liom an oíche bheith fada,
Is saoire mo chroí 'gam gach lá.

Níl aon am chomh maith leis an Samhradh,
An Samhradh 'gam féin ar mo thoil.
Is cead agam imeacht is filleadh,
Im rí orm féin as an scoil.

Lionárd Ó hAinídh

Dáta Bhreithe: 2007 nó 2008

Rogha: TINN

Ó a Mhamaí, táim tinn!
Fanfaidh mé sa bhaile;
Ní féidir liom éirí inniu.
Ó, más é do thoil é,

Lig dom fanacht anseo inniu –
Fanfaidh mé sa leaba,
Fiú ólfaidh mé an buidéal leighis:
Ná cuir amach ar scoil mé.

Fan sa leaba inniu, a stór,
Bí ciúin anois, ní maith duit glór
Déanfad tósta duit is tae
Beidh tú *all right* amárach,
le cúnamh Dé.

Gabriel FitzMaurice.

Nó: LÁ STOIRMIÚIL

Éist leis an ngaoth
Ag sracadh na nduilleog,
Éist leis an mbaisteach
Ag clagairt ar na fuinneoga,
Féach ar na tonnta
Ag briseadh thar an mballa,
Féach ar an duine bocht
Cromtha in aghaidh an
ghála.

Brón ar na páistí
Ag fanacht taobh istigh,
Ach áthas ar na lachain
Ag snámh sa linn amuigh

Maebh Ní Chárthaigh.

Bhéarslabhairt 7 mBliana D’Aois Nó Faoina

Rogha:

LUCH CHLISTE

Bhi an cat ina chodladh
Cois tine bhreá the
Ach bhí luch sa pholl,
Ina suí is ag faire.

Chonaic sí an cháis
Ar urlár an tí;
Rith sí go tapa
Is d’ith sí í.

Dhúisigh an cat
Agus chas sé a cheann;
Ní fhaca sé luch
Is an cháis ní raibh ann.

Nó:

COIS TRÁ

Bhí an ghrian ag taitneamh
Is bhí an lá go breá.
Thóg Daidí agus Mamaí
Na leanaí cois trá.

Thóg Niamh caisleán
Le buicéad agus spád,
Is bhí Áine agus Colm
Ag súgradh le bád.

D’ith said na ceapairí
D’ól said an tae;
Araghaigh leo abhaile
I ndeireadh an lae.

Rogha:

TÁ DUINE AG AN DORAS

Tá duine ag an doras – ding-dong! ding-dong!
Tá duine ag an doras - ding-dong!
Cé tá ansin ar maidin go moch?
“Is mise atá ann,” arsa Fear an phoist.
Ding-dong! Ding-dong! Ding-dong!

Nó:

MO MHADRA

Tá madra agamsa
Ar chúl an tí
Bíonn se ag súgradh
Is bíonn sé ina luí

Croitheann sé a eireaball
Nuair a fheiceann sé mé
Is téann sé a choladh
I ndeireadh an lae

Cór-Reacaireacht 12 Bliana D'Aois Nó Faoina

a}

CÚL AN TÍ

Tá Tír na nÓg ar chúl an tí,
Tír álainn trína chéile,
Lucht ceithre chos ag siúl na slí
Gan bróga orthu ná léine,
Gan Béarla acu ná Gaeilge.

Ach fásann clóca ar gach droim
Sa tír seo trína chéile,
Is labhartar teanga ar chúl an tí
Nár thuig aon fhear ach Aesop,
Is tá sé siúd sa chré anois.

Tá cearca ann is ál sicín,
Is lacha righin mhothaolach,
Is gadhar mór dubh mar namhaid
sa tír
Ag drannadh le gach éinne,
Is cat ag crú na gréine.

Sa chúinne thiar tá banc dramhaíl,
Is iontaisí an tsaoil ann,
Coinnleoir, búclaí, seanhata tuí,
Is trúmpa balbh néata,
Is citeal bán mar ghé ann.

Is ann a thagann tincéirí
Go naofa, trína chéile,
Tá gaol acu le cúl an tí,
Is bíd ag iarraidh déirce
Ar chúl gach tí in Éirinn.

Ba mhaith liom bheith ar chúl an
tí
Sa doircheacht go déanach
Go bhfeicfínn ann ar chuairt
gealaí
An t-ollaimhín sin Aesop
Is é ina pháca léannta.

Seán Ó Ríordáin.

b}

A Rogha Féin.

Cór-Reacaireacht 9 mBliana Faoi D'Aois Nó Faoina

a}

AN CLOG

“Cling! Cling!” a deir an clog,
“Éirigh as do leaba bhog.
Cling! Cling!, léim as sin,
Nach gcloiseann tú mo gháire binn?”

“Stop den raic, a amadáin”
Le fearg a deir an codlatán.
“Níl aon gháire i do chroí.
Lig dom fanacht i mo luí.”

“Cling! Cling!” a deir an clog,
“Tar amach as sin go grad.
Éist liomsa, le do thoil,
Caithfidh tusa dul ar scoil.”

Pádraig MacConcoille.

b}

A Rogha Féin.